CÚRSA GAEILGE DON tSRAITH SHÓISEARACH

# Tá Gaeilge Agam!

## Ardleibhéal
## Mo Phunann

3




| | |
|---|---|
| **Roinn A:** Nóta don Dalta | 2 |
| Measúnú Rangbhunaithe 1 | 3 |
| Logáil agus Scríobh | 3 |
| Ábhar Taifeadta: Conas é a Dhéanamh? | 3 |
| Taifeadtaí Físe | 4 |
| An Tasc Cumarsáideach: Measúnú Rangbhunaithe 2 | 5 |
| An Scrúdú Deiridh | 6 |
| An Cúrsa Litríochta | 6 |

| | |
|---|---|
| **Roinn B:** Tascanna Ranga – Logáil agus Scríobh | 7 |
| 1. Altanna sa Phunann Seo | 8 |
| 2. Blaganna sa Phunann Seo | 23 |
| 3. Ríomhphoist agus Litreacha sa Phunann Seo | 50 |
| 4. Comhráite, Agallaimh agus Rólimirt sa Phunann Seo | 73 |
| 5. Scéalta, Cuntais agus Óráidí sa Phunann Seo | 99 |
| 6. Tuairiscí ar Shuirbhéanna sa Phunann Seo | 120 |
| 7. Ceachtanna Litríochta sa Phunann Seo | 124 |
| 8. Tionscnaimh agus Cuir i Láthair | 145 |
| 9. Mo Liosta Taifeadtaí | 146 |


| | |
|---|---|
| **Roinn C:** Féinmheasúnú agus Logaí Foghlama | 149 |
| Aonad 1: Mise agus Mo Chuid Laethanta Saoire | 150 |
| Aonad 2: Mise agus an tIdirlíon | 155 |
| Aonad 3: Airgead, Éadaí agus Mise! | 160 |
| Aonad 4: Féilte na Bliana | 165 |
| Aonad 5: Sláinte agus Folláine / Tinneas agus Timpistí! | 170 |
| Aonad 6: Clubanna, Eagrais agus Daoine i Mo Cheantar | 175 |
| Aonad 7: An Ghaeltacht agus Pobal na Gaeilge | 180 |

# Roinn A

# Nóta don Dalta

# Measúnú Rangbhunaithe 1

Fáilte go dtí do Phunann phearsanta féin! Is anseo a choinneoidh tú do chuid oibre agus is as an obair sin a roghnóidh tú **trí phíosa** sa chéad téarma den tríú bliain. Déanfar measúnú (*assessment*) ar na trí phíosa sin. Tugtar **Measúnú Rangbhunaithe 1** air seo.




Ar na píosaí sin beidh:

- Sampla amháin d'ábhar taifeadta – taifeadadh fuaime nó taifeadadh físe san áireamh. (Féach an íocón sa leabhar.)
- Píosa amháin bunaithe ar an litríocht a ndearna tú staidéar uirthi. Mar shampla: léirmheas ar dhán, ar amhrán, ar ghearrscéal , ar úrscéal nó ar dhráma.

Is féidir an tríú píosa a roghnú as an liosta thíos:

1. Tionscnaimh/Cuir i láthair.*
2. Logaí foghlama (*learning logs*). Féach lgh. 149–184 sa Phunann seo.
3. Giotaí machnamhacha (blaganna, ailt, ríomhphoist, litreacha, óráidí, srl.).
4. Píosaí cruthaitheacha (blaganna, ailt, scéalta, cuntais, srl.).

(*Ar ndóigh, ní gá iad seo a dhéanamh sa Phunann, is féidir leithéid PowerPoint a úsáid nó díreach iad a dhéanamh ar chárta nó ar pháipéar ealaíne.)

# Logáil agus Scríobh

Is féidir do chuid tascanna ranga (altanna, blaganna, srl.) a scríobh ar leathanaigh 7–148 den Phunann seo. Nuair a dhéanann tú tasc, **logáil sa Phunann** é ionas go mbeidh tú ábalta teacht ar do chuid oibre arís go héasca.

# Ábhar Taifeadta: Conas é a Dhéanamh?

**Féach: 'Mo Liosta Taifeadtaí' ar leathanach 146.**

Mar a chonaic tú thuas, beidh ort sampla amháin d'ábhar taifeadta a roghnú as do Phunann sa chéad téarma den tríú bliain. Mar sin beidh tú ag déanamh taifeadtaí agus á logáil sa Phunann seo i gcaitheamh an dá bhliain. Beidh tú ábalta na taifeadtaí fuaime a stóráil nó iad a chur chuig do mhúinteoir am ar bith is mian leat. (Féach ar leathanach 4 le haghaidh taifeadtaí físe.)

Scanrúil? Ní hea, ná baol air! Is féidir taifeadtaí fuaime a dhéanamh ar fhón cliste nó ar ríomhaire. Ansin is féidir na taifeadtaí a thabhairt do do mhúinteoir ar mhéaróg USB nó iad a chur chuig do mhúinteoir i ríomhphost. Tá sé chomh simplí sin!

Tá go leor suíomhanna idirlín ann inar féidir taifeadtaí fuaime a dhéanamh agus a stóráil ar líne. Ansin is féidir nasc (*a link*) chuig an taifeadadh a chur chuig do mhúinteoir i ríomhphost. Seo trí shampla:

## 1. Vocaroo https://vocaroo.com




Tá Vocaroo an-áisiúil ar fad. Ligeann sé duit taifeadadh a dhéanamh agus a chur i ríomhphost chuig do rogha seoladh ríomhphoist. Beidh ríomhphoist scoile ar fáil ach ceist a chur ar do mhúinteoir.


## 2. SpeakPipe https://www.speakpipe.com/voice-recorder

Is féidir taifeadadh a dhéanamh agus a stóráil ar do ríomhaire agus ar líne le SpeakPipe. Ansin is féidir nasc chuig an taifeadadh a chur chuig do mhúinteoir.




## 3. Voice Spice Recorder https://voicespice.com

Is féidir taifeadadh a dhéanamh agus a stóráil ar líne le Voice Spice Recorder. Ansin is féidir URL an taifeadta a chur chuig do mhúinteoir le gur féidir leo teacht air.




# Taifeadtaí Físe

Fág an bealach, a Quentin Tarantino! Aon rud ar féidir taifeadadh fuaime a dhéanamh de, is féidir taifeadadh físe a dhéanamh de freisin! Mar shampla: cur i láthair, agallamh, rólimirt, comhrá nó léiriú drámaíochta. Arís, ní gá dul níos faide ná an fón cliste agus an ríomhaire.





Gan dabht, is féidir úsáid a bhaint as físcheamara digiteach freisin. Ach, mar is eol duit, is féidir físeáin d'ardchaighdeán (*high-quality videos*) a dhéanamh ar fhón cliste. Ansin is féidir na físeáin a chur ar mhéaróg USB agus iad a thabhairt do do mhúinteoir. Ar ndóigh, is féidir físeáin a roinnt ar leithéidí WhatsApp, Snapchat nó Facebook chomh maith. Dá mbeadh uimhir WhatsApp ag Roinn na Gaeilge sa scoil, mar shampla, bheadh sé an-éasca físeáin a chur chuig do mhúinteoir Gaeilge.



Anois, is féidir físeáin bheaga a chur ar ríomhphost gan stró ach bíonn teorainn méide (*size limit*) i gceist go minic. Má tá cuntas Gmail agat, áfach, is féidir comhaid mhóra (*large files*) a chur trí úsáid a bhaint as Google Drive, nó má tá iPhone agat, is féidir é a dhéanamh trí úsáid a bhaint as iCloud. Seo seoladh idirlín a chuideoidh leat: https://www.wikihow.com/Email-Large-Video-Files

Sin agat é. Seo leat anois. Agus … aicsean!

## An Tasc Cumarsáideach: Measúnú Rangbhunaithe 2

Chomh maith le trí phíosa oibre a roghnú as do Phunann sa chéad téarma den tríú bliain (Measúnú Rangbhunaithe 1), beidh **Tasc Cumarsáideach** (*a communicative task*) le déanamh agat i lár an dara téarma sa tríú bliain. Tugtar **Measúnú Rangbhunaithe 2** air seo.

- Is féidir comhrá, agallamh, cur i láthair, rólimirt nó fiú tasc a bhaineann leis an gcúrsa litríochta a dhéanamh don mheasúnú seo.
- Tá saoirse iomlán agat ábhar nó topaic nó saincheist (*issue*) de do rogha féin a chlúdach sa tasc seo agus is féidir do rogha formáid (*format*) as na cinn thuasluaite a úsáid.
- Beidh cead agat obair i d'aonar (cur i láthair a dhéanamh ar do cheantar, ar do scoil, ar an gceoltóir nó ar an bhfoireann is fearr leat, mar shampla), le scoláire eile (comhrá nó agallamh nó rólimirt a dhéanamh, b'fhéidir), nó i ngrúpa (giota drámaíochta a chur i láthair, cuir i gcás).
- Is féidir an cúrsa litríochta (dán, gearrscéal, úrscéal, dráma) a úsáid mar spreagadh, fiú.

Arís, níl sé seo leath chomh scanrúil is a cheapfá. Beidh taithí (*experience*) agat ar gach uile cheann de na formáidí thuas ón téacsleabhar. Is féidir filleadh ar chur i láthair, ar chomhrá nó ar agallamh (srl.) a rinne tú cheana agus slacht a chur air don tasc seo.

# An Scrúdú Deiridh

Déanann Measúnú Rangbhunaithe 2 tástáil ar do chumas cumarsáide agus labhartha. Sa **Scrúdú Deiridh** déanfar tástáil ar do scileanna éisteachta, ar do scileanna léamhthuisceana agus ar do scileanna ceapadóireachta cumarsáide. Arís, beidh taithí agat ar gach uile cheann de na scileanna seo ón téacsleabhar. De bhreis ar na scileanna thuasluaite, mar scoláire ardleibhéil, beidh deis agat freagairt phearsanta/chumarsáideach a dhéanamh ar an litríocht sa scrúdú deiridh. Agus arís, beidh taithí agat air seo ón téacsleabhar.

# An Cúrsa Litríochta

Sa dara agus sa tríú bliain déanfaidh tú staidéar ar na seánraí seo a leanas:

- Gearrscéalaíocht
- Drámaíocht
- Filíocht/Amhránaíocht
- Úrscéalaíocht

Beidh ort ar a laghad an méid thíos a chlúdach:

- Dhá ghearrscéal
- Dráma (iomlán) amháin
- Cúig dhán/amhrán
- Úrscéal (iomlán) amháin

Ar ndóigh, tá níos mó ná an méid sin sa téacsleabhar. Tá tri ghearrscéal, dhá dhráma agus seacht ndán/amhrán ann duit mar aon leis an úrscéal iontach *Daideo*. Tá gearrscéal breise, 'Quick Pick', ar fáil ar shuíomh CJ Fallon: **www.cjfallons.ie**

Tá áit ar leith do na ceachtanna litríochta sa Phunann seo (Féach lch. 124). Mar sin gach uair a dhéanann tú léirmheas ar phíosa litríochta, beidh tú in ann é a logáil sa Phunann agus teacht air arís gan stró.

Seo linn, mar sin!

# Roinn B

# Tascanna Ranga – Logáil agus Scríobh

# 1. Altanna sa Phunann Seo

**Nóta: Nuair a dhéanann tú alt sa Phunann seo, logáil thíos é (tá sampla déanta duit) agus beidh tú ábalta teacht air arís go héasca. Is féidir na haltanna a scríobh ar leathanaigh 9–22.**

| Ábhar nó teideal an ailt | Aonad agus leathanach sa téacsleabhar | Leathanach sa Phunann |
|---|---|---|
| 'Mise' | Súil Siar 1 – lch. 4 | 00 |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**Aonad:** ____________ **Leathanach:** ____________

## Alt

**Teideal/Ábhar:** ____________________________________________

**Aonad:** ____________________ **Leathanach:** ____________________

## Alt

**Teideal/Ábhar:** ________________________________________________

**Aonad:** ____________ **Leathanach:** ____________

## Alt

**Teideal/Ábhar:** ________________________________

**Aonad:** ____________ **Leathanach:** ____________

## Alt

**Teideal/Ábhar:** ____________________________________________